

❁ An Lúibín ❁

12 Feabhra 2007

Tuairim eile

An Irish journalist discovers (rediscovers) how little the Irish the Irish know.

Chuir an t-iriseoir Manchán Magan roinnt daoine ag caint an mhí seo caite de bharr ailt a scríobh sé ar an *Irish Times* (5/1/07) faoin iarracht a thug sé Éire a shiúl le Gaeilge amháin. Ní go rómhaith a d'éirigh leis. I mBaile Átha Cliath theip air deoch agus léarscáil a cheannach trí Ghaeilge; ar éigean a d'éirigh leis eolas taistil a fháil. Thug sé faoi deara go raibh saghas doichill ar dhaoine roimhe – rud nach raibh súil aige leis – cé go raibh a fhios aige go ndeir na saineolaithe go bhfuil uimhir na nGaeilgeoirí chomh híseal le 3%.

Ba mhó an rath a bhí air taobh amuigh den chathair. Bhí daoine níos sásta cibé blúirí Gaeilge a bhí acu a riar air leis, agus bhí siad níos múinte – go fiú i gceantar dúr Dílseach i mBéal Feirste. Ba mhinic, áfach, a theip air é féin a chur in iúl. É ag rá amháin ghráisciúla i nGaillimh agus ag iarraidh air dhaoine cuidiú leis banc a robáil i Luimneach, agus gan aon duine in ann é a thuiscint.

Fuair an *Times* roinnt litreacha faoin scéal: dúirt ceann acu gurb é ba chúis leis an doicheall i mBaile Átha Cliath a fhios a bheith ag daoine gurbh fhéidir le Magan é féin a chur in iúl i mBéarla go furasta dá ba mhian leis. D'admhaigh Magan féin go mbeadh deoch le fáil gan dua aige dá sílfí gur strainséir ceart gan Bhéarla é.

Chuaigh sé ag caint faoin scéal ar stáisiún raidió i mBaile Átha Cliath. Bhí cuid de na héisteoirí leis agus chuid ina choinne, ach is é is mó a mhisnigh é an chaint a chuala sé ag roinnt páistí ó na Gaelscoileanna – iad á rá gur bhreá leo an teanga agus go labhraídis eatarthu féin í. Canúint líofa uirbeach acu agus lánmhuinín acu aisti.

Ba chúis dhóchais eile dó athbheochan na teanga sa Tuaiscirt, grúpa Gaeilgeoirí ón iasacht i nGaillimh, an méid leabhar Gaeilge a bhí á gcur amach agus stádas nua oifigiúil ag an teanga - cé nach bhfuair sé freagra ar bith ar na ríomhtheachtaireachtaí Gaeilge a chuir sé chun forais rialtais.

Is fiú súil a thabhairt ar alt eile dá chuid ar *Lá* (17/1/07) agus baint aige leis an scéal céanna. Pléann sé dearcadh na ndaoine i leith na teanga, agus deir gurb amhlaidh go bhfuil gné shíceolaíoch éigin go smior sna hÉireannaigh a chuireann brú orthu an teanga a dhiúltú ar scoil. Deir sé nach iad lochtanna an chórais oideachais is ciontach leis seo ar fad: 'Sílim gurb í an phríomhchúis go dteipeann orainn í a fhoghlaim ná nach dteastaíonn uainn' – mar go mbaineann Gaeilge le cruatan, le hanró, le héagóir, le hachrann. Ach ní tír bhocht í Éire anois, agus de bharr an tsocráithe sa Tuaisceart ní baolach anois go mbeadh smál na polaitíochta ar an nGaeilge. Leanann sé féin air ag scríobh inti – 'cúpla mí a chaitheamh gach bliain ag scríobh leabhair nach léifear'. Ach admhaíonn sé (ar nós a lán eile) go bhfuil sé idir dhá chomhairle i dtaobh úsáid na Gaeilge: 'Tá teanga fhreacnarcach, aclaí, acmhainneach, óg againn sa Bhéarla, agus ní féidir liomsa a bheith cinnte nach bhfuil sé in am againn ar ndílseacht a chasadh ina threo'. Is deacair an éideimhne seo a sheachaint agus tú ag scríobh i nGaeilge.

Níor theip ar ghríosaitheoir áitiúil an *Irish Independent*, Kevin Myers, cúpla focal a rá faoi cheist na teanga, agus blas searbh na fírinne ar chuid den scigaithe. Dúirt sé go raibh Uirdis, Sínis agus leathdhosaen teangacha ó Oirthear Eorpa á labhairt níos forleithne in Éirinn ná Gaeilge, cé gur breá an uirlis í an teanga sin don pholaiteoir arb áil leis brí a chuid cainte a cheilt. Rinne sé tagairt mhagúil d'úsáid na teanga san Aontas Eorpach agus thug le fios gur gá duit fógra trí mhí roimh ré a thabhairt más mian leat óráid a dhéanamh i nGaeilge i bParlaimint na hEorpa – tuairim a chuir fearg ar Sheán Ó Neachtain, MEP. Dúirt seisean gur fhéad a leithéid féin óráid a thabhairt i nGaeilge sa Pharlaimint am ar bith gan réamhfhógra.

Is furasta do na griogairí lucht Gaeilge a choipeadh, ach ní féidir a shéanadh gur furasta ábhar fonóide a fháil. B'fhiú do Ghaeilgeoirí é sin a admháil gan náire agus scrúdú ionraic (agus íorónta) a dhéanamh ar a gcás féin ó am go chéile. Ní hiad a bheidh thíos leis. Tá scód leo faoi láthair agus níl aon rud le cailleadh acu.



Coiscéim

A new web-site for one of the most enterprising publishers in the Irish language.

Ba é Conradh na Gaeilge a chuir tús leis an racht foilsitheoireachta a bhain leis an Athbheochan – úrscéalta, drámaí, filíocht – ábhar do ghlúin a bhí ag athfhoghlaim na Gaeilge agus fosc léitheoireachta orthu. Is beag saothar den scoth a tháinig as an obair sin, ach b'éigean rud éigin a bheith ann. An chéad fhoilsitheoir mór eile a tháinig ar an bhfód ba é an Gúm é, dream a raibh de chúram orthu faoi choimirce an tSaorstáit leabhair Ghaeilge a sholáthar don phobal agus do na scoileanna. Agus tháinig na foilsitheoirí beaga ina dhiaidh sin, aidhmeanna difriúla acu agus iad ag freastal ar scríbhneoirí nua. Tá Coiscéim ag soláthar leabhar ó na hochtóidí i leith, agus anois tá suíomh Idirlín curtha ar bun acu: www.coisceim.ie.

Deirtear uaireanta go bhfuil níos mó scríbhneoirí Gaeilge ann ná léitheoirí Gaeilge. Is cinnte nach mór é líon na léitheoirí sin, ní nach ionadh agus gan iontu ach an chuid is lú de phobal beag. Deir 25% de phobal na hÉireann go bhfuil Gaeilge acu; i ndáiríre, ní bheadh Gaeilge ar a dtail ach ag os cionn 5% díobh, cé nach gcuirtear san áireamh anseo na Gaeilgeoirí líofa atá le fáil i dtíortha eile agus a léifeadh cuid mhaith acu leabhar Gaeilge ar bith a tháinig an treo.

Tá na foilsitheoirí beaga ag díriú ar lucht léitheoireachta atá, níos mó ná riamh, ina gcónaí sna cathracha. Ní bhíodh muintir na Gaeltachta an-tugtha don léitheoireacht ach oiread lena leithéidí eile, agus níl a gclann nua-oilte chomh tugtha sin don Ghaeilge féin anois – an méid acu a fhanann sa bhaile. Agus murab ionann is scríbhneoirí na Gàidhlig, is beag cainteoirí dúchais atá le fáil i measc scríbhneoirí na Gaeilge na laethanta seo – nó, lena rá ar shlí eile, beidh na cainteoirí dúchais ag teacht as Baile Átha Cliath nó Béal Feirste feasta.

Ní féidir le foilsitheoir Gaeilge maireachtáil gan chabhair an Stáit, ach ní hionann sin is a rá nach bhfuil daoine ag ceannach na leabhar. Is iomaí scríbhneoir a d'fhiafraigh, mar sin féin, arbh fhiú dó leanacht air ag scríobh do scata chomh scáinte sin. Is fiú an cheist a chur, go fiú má tá an scata sin ag dul i méid ó bhliain go bliain. Tíocfaidh méadú ar cheannach na leabhar Gaeilge de réir mar a thíocfaidh méadú ar líon na nGaeilgeoirí oilte - téann os cionn 80% de dhaltáí sna coláistí lánGhaeilge ar aghaidh chun an tríú leibhéal. Beidh ráchairt freisin ar éagsúlacht ábhair. Níl Coiscéim agus a leithéidí eile ach i dtús a réime.

An té a fhéachann ar an suíomh nua seo feicfidh sé éagsúlacht go leor, agus ní féidir gan iontas a dhéanamh den mhéid leabhar de chineálacha difriúla a chuir Coiscéim amach ón mbliain 1980 i leith – filíocht, béaloideas, drámaí, úrscéalta, stair agus eile, agus roinnt aistriúcháin san áireamh. Tá an suíomh leagtha amach i dtreo gur féidir leat údair a nascadh le leabhair agus le bliain a bhfoilsithe. Ó thaobh dealramh an tsuímh de, níl mórán ann a bhfaighfeá locht air. Taispeántar clúdaigh na leabhar agus is deas an radharc iad – rud a

chuireann i gcuimhne gur rud ábhartha é an leabhar, meáchan ar an lámh agus íomhá os comhair na súile. B'fhearr linn bealach abhaile a bheith ann ar leathanaigh dhifriúla an tsuímh agus an leathanach baile féin a bheith beagán níos simplí; mar sin féin, an té a thugann cuairt ar an suíomh feicfidh sé rudaí a chuirfidh an-mhisneach ann.



Gaeilge sa rang

A new policy document recommends a thorough overhaul of the teaching of Irish in the schools.

Tá moltaí móra déanta ar maithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna na hÉireann. Tá siad le fáil i gcáipéis a chuir Conradh na Gaeilge amach in éineacht le cumainn scolaíochta agus eile. Beartas é ar cuspóir dó cumas Gaeilge na múinteoirí agus staid an churaclaim a leasú in éineacht, agus teanga bheo a dhéanamh den Ghaeilge sna scoileanna lánBhéarla.

Deir an cháipéis gur chóir d'ábhar bunmhúinteoirí bliain acadúil ar a laghad a chaitheamh i gcoláiste Gaeltachta, agus ba chóir do gach dalta bunscoile Gaeilge a fhoghlaim agus ábhar eile a fhoghlaim trí Ghaeilge.

Ba cheart dhá shiollabas a bheith ann i gcomhair na Meánteistiméireachta agus na Teistiméireachta Sóisearaí. Chuirfí béim ar an gcaint agus ar an scríbhneoireacht, agus dhéanfaidh daltaí ar an leibhéal is airde staidéar ar litríocht na Gaeilge.

Deir an cháipéis go dtagann 10% den ábhar múinteoirí ó Ghaelscoileanna nó ó scoileanna Gaeltachta, ach go bhfaigheann siad an chuid is mó dá gcuid traenála trí Béarla. Is minic a théann siad ar ais ag múineadh i scoileanna lánGhaeilge ina dhiaidh sin. Faoi láthair ní chaitheann múinteoirí nua níos faide ná trí seachtaine sa Ghaeltacht; de réir na scéime nua bheadh fad bliana de thumoideachas i gceist, rud a d'fhágfaidh an teanga ar do thoil acu.

Is dócha go bhfuil an ceart ag Uachtarán an Chonartha, Dáithí Mac Cárthaigh, nuair a deir sé go bhfuil mórán daltaí agus tuismitheoirí míshásta le cliseadh na teanga sna scoileanna. Deir an Cárthach go bhfuil an beartas bunaithe ar na modhanna idirnáisiúnta is fearr agus go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm de réir a chéile le linn an chéad rialtas eile.

Déanann an beartas talamh slán de go mbeidh limistéar ann (tugaimis an Ghaeltacht air) ar féidir le hábhar múinteora Gaeilge a chloisteáil ó dhubh go dubh ann. Ní thaispeánann na staitisticí ná aon fhianaise eile go mbeidh a leithéid ann i gceann glúine, agus ar éigean atá sé ann anois. Má tá tumadh le déanamh ní mór a mhalairt d'umar a fháil.

Déarfadh daoine éigin gurb é dearcadh duairc an phobail trí chéile i leith na Gaeilge is cionshiocair le daltaí a dhiúltú don teanga ar scoil. Tá bun éigin leis an argóint sin, agus is dearcadh é nach bhfuil ródhifriúil le dearcadh Béarlóirí i dtíortha eile i leith teangacha iasachta. Ar an taobh eile de, tá diúltachas na nÉireannach ag brath, a bheag nó a mhór, ar an mbealach a múintear an teanga, agus más féidir an curaclam agus cumas Gaeilge na múinteoirí a fheabhsú fágfaidh sin a rian ar aigne an phobail. Ní féidir, mar shampla, Gaeilge a chur ag úsáid go forleathan sa státseirbhís mura bhfuil roinnt mhaith daoine ann a d'fhoghlaim go maith agus go fonnmar ar scoil í. Ní mar sin atá an scéal faoi láthair, ná baol air.

Is léir go bhfuil suim ag polaiteoirí áirithe sa scéal seo, rud a d'áiteodh ort gurbh fhéidir go gcuirfí an beartas i bhfeidhm. Ní raibh cáil an athchóirithe ar aon rialtas riamh in Éirinn maidir le múineadh na Gaeilge. Anois an t-am.



Eolas na háite

The Aboriginal placenames of Victoria.

Tá an Astráil breac le logainmneacha Bundúchasacha, iarsmaí cine a scaipeadh, a maraíodh, a cailleadh le galracha eachtrannacha ach a bhfuil a sliocht ann fós. Cailleadh na seanteangacha minic go leor, ach tá a rian sin fós ar an tír sna siollaí diamhaire a cuireadh as a riocht i mbéal cine nua. Déanta na fírinne, is minic a mhair na teangacha nó giotáí díobh, go fiú in oirdheisceart na tíre, áit a ndearnadh slad ar an seandúchas. Teangacha iad a thug leo oidhreacht leanúnach cianaosta nach bhfuil a léithéid le fáil san Eoraip: níl i ndúchas na nGael ach rud nuaghinte i gcomórtas léi.

Fáisceadh mé as ceantar crannach i Stát Victoria mar a bhfuil uirlisí Bundúchasacha scaipthe fós sna páirceanna nó cois abhann. Agus tá na logainmneacha ann: Bungaree, Ballarat, Burrumbeet; níos faide siar tá Waubra, Buangor, Mininera, Maroona agus eile. D'fhág na lonnaitheoirí a lorg féin ar na ceantair sin le hainmneacha eile – Creswick, Springbank, Gordon, Wallace, Daylesford – áiteanna a mbíodh na mílte ar thóir an óir sa 19ú haois agus slua Éireannach ina measc.

Ní aon treibh amháin a d'fhág na chéad ainmneacha ar an tír. Bhí mórán pobal beag ann agus mórán teangacha dá réir; bhí gach fearann saibhir le scéalta agus le cuimhní agus le lorg iomadúil na sinsear. Tá mórán daoine de shliocht Bundúchasach fós i Victoria a d'fhéadfadh a rá leat cén treibh a mbaineann siad léi agus cén taobh tíre atá i gceist. In áiteanna áirithe tá faille acu ar na teangacha dúchais a thabhairt ar ais le teann taighde. Ach is iad na logainmneacha is mó a chuireann i gcuimhne do dhaoine go raibh dream eile ann sular tháinig na hEorpaigh.

Minic go leor níl tuiscint ar bith ag daoine ar an mbrí atá leis na logainmneacha úd, rud a chuirfeadh i gcuimhne duit cás na nÉireannach agus gan eolas ag a bhformhór ar bhrí na n-áiteanna atá ina dtimpeall. Ach tá an t-eolas sin le fáil sa dá thír: anseo, mar shampla, in *Dictionary of Aboriginal Placenames of Victoria*.¹ Ní eolas iomlán é: is minic a bheadh an logainm agat agus a fhios agat cén teanga a bhaineann leis ach gan brí an ainm le fáil.

Níl easpa logainmneacha Bundúchasacha ar Mhelbourne féin. *Yarra yarra* nó 'easanna' (ón teanga Woiwurrung) a thugtaí ar chuid den abhainn Yarra a dhéanann dhá leath den chathair – bhí ainmneacha eile uirthi in áiteanna eile. Tá craobhabhainn léi, an Merri Creek, agus í ag sní trí chuid den chathair freisin: *Merri merri* a thugah an pobal Woiwurrung uirthi agus an bhrí 'clochach' nó 'carraigeach' léi. Tagann ainm an bhruachbhaile ardnósach Toorak ón bhfocal *turrak* – féar uisce (Kulin oirthearach); agus ón bhfocal *birrarrung* (Kulin oirthearach arís) a thagann ainm Phrahran, bruachbhaile eile. 'Ceo' nó 'inis' an dá bhrí atá leis – bríonna a bhfuil gaol acu lena chéile. Léiríonn logainmneacha den saghas seo tréithe tíre agus slí bheatha féin atá ceilte le fada an lá ag cneasú crua na cathrach – iascaireacht, foghlaireacht, úsáid na bplandaí.

Thiar i limistéar an óir (mo limistéar dúchais) lonnadh mórán Éireannach láimh le Ballarat. 'Áit ligthe scíthe' an bhrí atá leis an áit sin sa teanga Wathawurrung, cé go ndearna na mianadóirí áit shalach sclábhaíochta di. Ón teanga chéanna a thagann *burrumbeet* (uisce modartha) agus é mar ainm fós ar loch áitiúil. I lár na cathrach tá loch éadomhain leathan agus Wendouree uirthi, ainm a chiallaíonn 'imigh leat' i Wathawurrung, más fíor. Síos an bóthar tá Bungaree, ceantar a bhíodh lomlán d'Éireannaigh agus de phrátaí; i Wathawurrung ciallaíonn sé 'leis na glúine' – *bun-a-nyung* – agus tagairt ann nach furasta a thuiscint anois. Tá a ainm ceart Woiwurrung fós ar bhaile beag eile – Ballan – cé nach fios fós cén bhrí atá leis. Is minic a chuaigh mé tríd an gcoill a dtugtar an 'Wombat State Forest' uirthi anois; thugadh na

¹ Ian D. Clark & Toby Heydon, Victorian Aboriginal Corporation for Languages, 2002. Tá dlúthdhiosca ann freisin agus eolas eile ar an Idirlíon.

Woiwurrung *Panne bannwar* (sruthán beag) ar chuid di. Ar an taobh eile den choill sin tá Daylesford, áit ard dheas a dtugtaí *Mural* nó ‘deannach’ uirthi sa teanga Djadjawurrung, agus baint aige sin le treibh na Morul-gundidj, más fíor.

Tá na mílte ainm eile den saghas seo ann thoir, thiar, thuaidh agus theas. Tamall aneas ó Mhelbourne, ar imeall na bá móire, tá cathair Geelong (*djilong/djalong* sa teanga Wathawurrung) agus an bhrí ‘teanga’ léi – i.e. góilín farraige. Ní gá a rá cá mhéad logainm Gaeilge a léiríonn airíonna tíre trí iad a shamhlú le hairíonna coirp ar an dóigh céanna.

Tá i bhfad níos mó taighde le déanamh ar an scéal seo, agus tá na foinsí ann – dialanna de chuid an 19ú haois, mar shampla, agus cuntas ann ar a bhfuair na hEorpaigh rompu. Le cúnaimh a leithéidí léireofar de reir a chéile an tír a ceileadh ach nár cailleadh.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au

